

LEATHANACH 259

Dé Luain 3 Aibreán 2017

Rugbaí

Tá deireadh le séasúr idirnáisiúnta an rugbaí, ach anois tá comórtas Eorpach na gclubanna ar siúl fós - Corn na Seaimpíní. Dé Sathairn bhí foirne as dhá chúige in Éirinn - Cúige Laighean agus Cúige Mumhan - ag imirt i gcluichí cheathrú ceannais an chomórtais.

Bhí an dá fhoireann ag imirt sa bhaile agus bhí bua an-mhór acu beirt. Bhuaigh na Laighnigh ar Wasps ó Shasana leis an scór 32-17 agus bhuaigh na Muimhnigh ar Toulouse ón bhFrainc leis an scór 41-16. Tá an dá fhoireann seo i gcluichí leathcheannais na hEorpa anois. Comhghairdeachas leo!



Daoine ag troid le piliúir ar fud an domhain arís i mbliana.

Dé Sathairn, bhí daoine i gcathracha ar fud an domhain ag teacht le chéile agus ag troid le piliúir. Lá na n-amadán a bhí ann Dé Sathairn ach ní raibh aon duine ag magadh faoin imeacht seo leis na piliúir.

Is lá idirnáisiúnta bliantúil é agus thosaigh sé in 2008. An smaoineamh atá ag na heagraithe ná gur mhaith leo go mbeadh daoine ag teacht le chéile don spraoi in áit a bheith ag féachaint ar an teilifís. Bhí cuid de na daoine gléasta ina bpitseamaí nuair a tháinig siad chuig an imeacht i mbliana.

Phléasc cuid de na piliúir agus bhí cleití ar fud na háite. Bhain gach duine taitneamh as an lá.



Harry Styles chun amhrán a sheoladh

Beidh amhrán le Harry Styles *Sign of the Times* ar fáil Dé hAoine, an 7 Aibreán. Níl muid cinnte go foill an amhrán amháin nó albam iomlán a bheidh ar fáil. Fiú más amhrán é beidh albam leis ag teacht go luath.

Bhí Harry Styles ina bhall den ghrúpa *One Direction* ach stop siad ag canadh lena chéile i mí an Mhárta 2016. Tá ceol ar fáil ó Louis Tomlinson agus Niall Horan cheana féin agus albam iomlán ó Zayn Malik a d'fhág *One Direction*. An cheist is mó ná an mbeidh albam ag Liam Payne leis féin? Beidh orainn fanacht.

The Voice UK: buaiteoir na bliana

Bhí an babhta ceannais de *The Voice UK* ar siúl ag an deireadh seachtaine. Oíche Shathairn d'fhág Michelle ó fhoireann will.i.am. Bhí beirt fágtha ar fhoireann Jennifer Hudson, Jamie agus Mo. Bhí beirt fágtha ag Tom Jones freisin agus iad i ngrúpa amháin, *Into The Ark*. Bhuaigh Mo an comórtas agus beidh sé gnóthach anois ag ullmhú albaim sa stiúideo!

